Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 12 Samhain 2024
(OR. en)

15183/24

Comhad Idirinstitiúideach: 2024/0287(NLE)

ECOFIN 1245
UEM 383
FIN 957

NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"

ó:	Ardrúnaíocht na Comhairle
chuig:	Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 2)/an Chomhairle
Ábhar:	Téarnamh Eacnamaíoch san Eoraip: – Cinntí Cur Chun Feidhme ón gComhairle faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (Bunús dlí: Airteagal 20 de Rialachán (AE)

1. Le Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021, mar a leagtar amach in 10160/21 + ADD 1 REV 2 é, formheasadh an measúnú dearfach ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta don Iodáil i gcomhréir le hAirteagal 20(1) de Rialachán (AE) 2021/241. Leasaíodh an Cinneadh Cur Chun Feidhme sin ón gComhairle ina dhiaidh sin an 19 Meán Fómhair 2023, an 8 Nollaig 2023 agus an 14 Bealtaine 2024.

2. An 10 Deireadh Fómhair 2024, rinne an Iodáil iarraidh réasúnaithe ar an gCoimisiún togra a dhéanamh Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a leasú i gcomhréir le hAirteagal 21(1) de Rialachán (AE) 2021/241, ar an bhforas nach féidir an plean téarnaimh agus athléimneachta a bhaint amach ina iomláine a thuilleadh de bharr imthosca oibiachtúla. Ar an mbonn sin, tá plean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe curtha isteach ag an Iodáil.

3. Na leasuithe ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta a chuir an Iodáil isteach i ngeall ar imthosca oibiachtúla, baineann siad le 21 bheart, as a modhnaítear 13 bheart bunaithe ar roghanna malartacha níos fearr a bheith ann agus tá sé mar aidhm le 8 gcinn acu an t-ualach riaracháin a laghdú.

4. Measann an Coimisiún gur tugadh údar, leis na cúiseanna arna gcur in iúl ag an Iodáil chun leasuithe a dhéanamh de bhun Airteagal 21(2) de Rialachán (AE) 2021/241 agus rinne sé measúnú dearfach ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe agus na critéir measúnaithe a leagtar síos in Airteagal 19(3) de Rialachán 2021/241 á n-úsáid aige.

5. Scrúdaigh Meitheal na gComhairleoirí Airgeadais an togra an 11 Samhain 2024 agus ní dhearnadh aon agóid ina choinne.

6. Leagtar amach téacs an Chinnidh Cur Chun Feidhme ón gComhairle, mar a chuir na dlítheangeolaithe bailchríoch air, in 15114/24 + ADD 1 REV 1.

7. I bhfianaise an mhéid thuas, iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe:

- a dhearbhú go n-aontaíonn sé leis na téacsanna seo a leanas, mar a chuir na dlítheangeolaithe bailchríoch orthu:

(a) Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme an 13 Iúil 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta don Iodáil, mar a leagtar amach in 15114/24 é, agus

(b) an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme an 13 Iúil 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta don Iodáil, mar a leagtar amach in 15114/24 ADD 1 REV 1 é, agus

- a mholadh don Chomhairle an Cinneadh sin, mar aon leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis, a ghlacadh mar ‘mír A’ ag ceann de na cruinnithe a bheidh aici amach anseo.